



Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: 01-6294110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie
30 Meán Fómhair 2015

Toghchán do Bhord Bainistíochta Nua

A Chathaoirligh, a chara,

Táim ag scríobh chugat mar gheall go bhfuil Bord Bainistíochta nua le toghadh don scoil. Ba mhaith leis an bhForas Pátrúnachta ár mbuíochas a chur in iúl duit agus do gach ball eile den bhord as an obair atá déanta agaibh ar son na scoile le ceithre bliana anuas. Tuigimid an ról tábhachtach atá agaibh i saol na scoile agus an iarracht mhór atá curtha isteach in obair an bhoird ar leas na ndaltaí agus ar leas an phobail ar fad.

Mar is eol duit faoin am seo tá deireadh ag teacht le tréimhse an bhoird atá ann faoi láthair agus tá bord nua le teacht i bhfeidhm ar an 1ú lá de mhí na Nollag. Leis seo tá cóip de **Lámhleabhar Rialachas do Bhunscoileanna 2019- 2023 agus de Chiorclán 0057/2019** ón Roinn Oideachais agus Scileanna ina bhfuil treoir tugtha mar gheall ar na céimeanna atá le tógáil agus Bord nua á thoghadh. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig anseo má tá aon cheist. **Tá sé fíor thábhachtach go leanfar na céimeanna sa phróiseas seo go beacht.**

Ba mhaith leis an bhForas Pátrúnachta a chur in iúl gurb é polasaí an Fhorais ná go ndéanfar obair an Bhoird trí mheán na Gaeilge agus mar sin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh aon duine a thoghtar ábalta feidhmiú trí mheán na Gaeilge.. Tá forál i Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019- 2023 go mbeadh cumas maith Gaeilge ag baill an phobail atá le ceapadh don bhord (lth 65).

Tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge líofa ag gach Cathaoirleach.

Beidh an Foras Pátrúnachta ag eagrú seisiún oiliúna do na Boird timpeall na tíre tar éis na Nollag. Tá sé riachtanach go bhfreastalóidh gach ball ar na cruinnithe seo chun tuiscint iomlán a fháil ar ról an Bhoird agus an gnó a bhíonn ar siúl acu.

Leis an Litir seo tá ceithre fhoirm atá le comhlánadh ag baill an Bhoird Bhainistíochta nua.

1. Deimhniú don Phátrún

- a. Is foirm fíorthábhachtach í seo. Le síniú na foirme tá an ball ag deimhniú go dtuigeann sé/sí sainspiorad na scoile agus an cleachtas a bhaineann leis de réir mar atá leagtha síos ag An Foras Pátrúnachta.

- b. Leis an síniú tá an ball ag deimhniú go dtacóidh agus go gcosnóidh sé/sí an sainspiorad atá leagtha síos ag An Foras Pátrúnachta.
 - c. **Beidh seisiúin oiliúna á reáchtáil ag An Foras Pátrúnachta sa bhliain nua do na Boird. Le síniú na foirme tuigeann gach ball boird go bhfuil dualgas orthu freastal ar na seisiúin chun tuiscint chruinn a fháil ar ról agus ar fhreagrachtaí an Bhoird.**
2. **Sonraí Teagmhála an Bhoird 2019 – 2023.** Is **bogchóip** den fhoirm seo atá de dhíth le do thoil ar mhaithe le botúin a sheachaint.
3. **Foirm 1 (Aguisín F roimhe seo)**
- a. Beidh cuid (a), (b) agus (c) le comhlánadh ag an mBord agus cuid (d) agus (e) le comhlánadh ag an bPátrún.
 - b. Le síniú cuid (e) faomhann an Pátrún an Bord nua.
 - c. Beidh an fhoirm á seoladh ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.
4. **Foirm 2 (Aguisín G roimhe seo)**
- a. Tá an fhoirm seo le síniú ag gach ball den bhord agus le cur leis na miontuairiscí.
 - b. Tá cóip den fhoirm sínithe le seoladh ar aghaidh chuig An Foras Pátrúnachta.

Bheimís an-bhuíoch ach na foirmeacha seo a sheoladh ar ais chuig **Tomás Ó Póil** ag an oifig chomh luath agus is féidir ionas gur féidir linn na Boird nua a fhaomhadh agus na sonraí cuí a sheoladh ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ina theannta seo tá Cruinniú Cinn Bliana An Foras Pátrúnachta eagraithe don 15 Samhain 2015. Beidh eolas agus sonraí maidir leis an méid thuas á sheoladh chuig na scoileanna an tseachtain seo chugainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl daoibh as an obair ar fad go dtí seo.

Mise le meas,



Caoimhín Ó hEaghra

Ard-Rúnaí